ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha

www.bai.ie

Cód an BAI maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha

Aibreán 2013

Clár na n-Ábhar

Réamhrá..... 3

Dlínse..... 4

Treoirnótaí..... 4

Gearáin..... 4

Cuspóirí an Chóid 5

Prionsabail an Chóid..... 5

Comhlíonadh agus Measúnú..... 7

Rialacha

Dualgais Reachtúla Chraoltóirí..... 8

Rialacha maidir le Cothroime..... 9

Rialacha maidir le hOibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht 11

Tuairisciú ar Thoghcháin agus ar Reifrinn..... 13

Ceanglais agus Treoir Dlí 13

Réamhrá

Pléann an Cód seo cúrsaí a bhaineann le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht maidir le lánas nuachta agus cúrsaí reatha. Tá an cód seo ullmhaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) de réir Alt 42(1), 42(2),(a) agus 42(b) & (e) den Acht Craolacháin 2009 (‘an tAcht).

Forálann Alt 42 d’Acht na bliana 2009 mar seo a leanas:

> (1) Déanfaidh an tÚdarás, de réir an ailt seo, cód nó cóid lena rialófar caighdeáin agus cleachtas (“cód craolacháin”) a bheidh le comhlíonadh ag craoltóirí a ullmhú agus, ó am go ham de réir riachtanas na hócáide, a athmheas.
>
> (2) Déanfar a fhoráil le cóid chraolacháin—
>
> (*a*) go ndéanfar an nuacht go léir a bheidh á craoladh ag craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh
>
> (b) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh,
>
> (e) nach ndéanfaidh craoltóir, le linn dó nó di an t-am a leithroinnt le haghaidh craolacháin páirtithe polaitíochta a tharchur, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d’aon pháirtí polaitíochta,

Nuair a bhí an Cód Maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha á ullmhú aige bhí aird ag an BAI ar réimse cúrsaí mar atá leagtha amach in Alt 42(3) den Acht. Bhí aird aige freisin ar a chuid cuspóirí reachtúla féin, mar atá leagtha amach in Alt 25, go háirithe an cuspóir sin a leagann amach go ndéanfaidh an BAI, le linn dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú:

- Go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh,
- Go ndéanfar timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaon a chothú,

- Maidir leis na bearta a dhéanfar go mbeidh siad comhréireach agus go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha.

Nuair a bhí na rialacha á gceapadh aige chuir an tÚdarás san áireamh freisin an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus na forálacha sin go háirithe a bhaineann leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh, an ceart chun príobháideachta agus áirithiú cearta gan aon idirdhealú ar aon fhoras. [1]

Dlínse

Tá feidhm ag an gCód i dtaobh craoltóirí laistigh de dhlínse na hÉireann. Ní bhaineann sé le seirbhísí eile a fhaightear iad sa Stát seo ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

Tuigtear an téarma 'craoltóir' i gcomhthéacs an tsainmhínithe a tugtar san Acht Craolacháin 2009 atá mar seo a leanas:

"ciallaíonn "craoltóir" duine a sholáthraíonn teaglaim de bhunábhar clár chun í a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís craolacháin (cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an duine sin an bunábhar sin a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís den sórt sin)."

Treoirnótaí

Níl sé i gceist go leagfaidh an Cód seo amach gach uile riail a bhaineann le lánas nuachta agus cúrsaí reatha a ullmhú, a chóiriú agus a chraoladh. I dtaca leis an méid sin, ba chóir go mbeadh aird ag craoltóirí, lucht déanta clár agus saoránaigh ar na Treoirnótaí ar forbraíodh iad i gcomhar leis an gCód seo. Tá na nótaí sin curtha ar fáil mar chabhair chun cuspóirí na bprionsabal agus na rialacha agus an maodh ina gcuirfear i bhfeidhm iad a thuiscint i gcomhthéacs chúrsaí craolacháin. Déanfaidh an BAI nuashonrú ar na Treoirnótaí ó am go ham.

Gearáin

I gcás go bhfuil gearán ag faireoir nó ag éisteoir nó má tá sé nó sí míshásta maidir leis an tslí ina bhfuil craoltóir ag comhlíonadh an Chóid, ba chóir an cheist, ar an gcéad dul síos, a chur go díreach faoi bhráid an chraoltóra ábhartha. Tá breis eolais maidir leis an bpróiséas gearáin ar fáil ag www.bai.ie nó trí ghlao gutháin a chur ar 01 6441200.

Beidh feidhm ag an gCód seo ó 1 Iúil 2013

[1]Chun teacht ar chóip den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) téigh go dtí www.ehcr.coe.int

1. Cuspóirí an Chóid

Is iad cuspóirí an Chóid:

- Na híoschaighdeáin agus na híoschleachtais a bhfuiltear ag súil leo ó chraoltóirí ina gcuid tuairisciú ar lánas nuachta agus cúrsaí reatha a leagadh amach go soiléir;

- Treoir ghinearálta a thabhairt do chraoltóirí chun cabhrú leo ina bpróiséis cinnteoireachta, a mhéid is a bhaineann siad le lánas nuachta agus cúrsaí reatha;

- Iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta a chur chun cinn maidir le soláthar lánas nuachta agus cúrsaí reatha;

- Saoránaigh a chur ar an eolas agus feasacht a spreagadh ina measc maidir leis na caighdeáin gur féidir leo a bheith ag súil leo maidir le lánas nuachta agus cúrsaí reatha;

- Leas na saoránach a chosaint maidir lena gcearta rochtain a bheith acu ar lánas nuachta agus cúrsaí reatha atá cothrom, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

2. Na Prionsabail a Thugann Bonn Taca do na Rialacha maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

Leagann an chuid seo amach na prionsabail a thugann bonn taca don Chód seo. I dteannta na rialacha sainiúla a bhfuil breac-chuntas déanta orthu i gCuid 4, cuireann na prionsabail treoir ar fáil maidir leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo chun cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach sa gcaoi ina phléitear le lánas nuachta agus cúrsaí reatha. Dá réir sin, táthar ag súil ní amháin go gcomhlíonfaidh craoltóir na rialacha ach chomh maith leis sin go gcuirfidh sé na prionsabail ghinearálta sin i bhfeidhm i dtaca lena lánas nuachta agus cúrsaí reatha.

Leagtar amach thíos na prionsabail a chuirfear i bhfeidhm maidir leis an gCód chomh maith le cur síos gairid orthu:

Cothroime: Tá an BAI tiomanta do chinntiú go bpléifear go cothrom agus go macánta le daoine aonair nó le heagraíochtaí atá mar ábhar ag lánas nuachta agus cúrsaí reatha nó le daoine a bhfuil rannpháirtíocht acu i gcláir nó i míreanna clár nuachta agus cúrsaí reatha, trí fheidhmiú an Chóid seo. Tá ionchas dlisteanach ag faoireoirí agus ag éisteoirí go léireoidh craoltóir cur

chuige cothrom maidir leis an gcaoi a chuirtear nuacht agus cúrsaí reatha i láthair agus an chaoi ina dhéantar fiosrú ina thaobh agus maidir leis an gcaoi ina bpléitear le rannpháirtithe. Ní chiallaíonn prionsabal na cothroime go bhfuil sé riachtanach go bpléifí gach uile tuairim a d'fhéadfadh a bheith i gceist i leith ábhair nó go bhfaigheadh gach tuairim an méid céanna ama ar an aer.

Ba chóir go mbeadh tuairisciú ina bhfuil cothromas agus comhréireacht cinntithe, ina threoir maidir le ceisteanna a thuairisciú, ina measc ceisteanna a bhaineann le conspóid phoiblí nó díospóireacht reatha phoiblí.

Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht: Baineann na prionsabail maidir le hoibiachtúlacht agus neamhchlaontacht lena chinntiú go ndéantar lánas nuachta agus cúrsaí reatha a thiomsú, a léiriú agus a chur i láthair ar chaoi lena fheicfear go bhfuil sé neamhspleách, neamhchlaonta agus gan réamhbhreithiúnas agus lena bhfuil sé soiléir gur mar sin atá. Níor chóir go gceapfaí de réir na rialacha a leagtar amach iad sa Chód seo maidir leis an oibiachtúlacht nó leis an neamhchlaontacht nach féidir le tuairisceoir tuairimí criticiúla a chur in iúl nó línte fuinniúla ceistiúcháin a leanúint. Go deimhin, is minic is gá iad sin a dhéanamh chun cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach. Tá sé riachtanach, áfach, go mbeadh an léiriú, an tuairisciú agus an cheistiú a dhéantar ar aon mhír nuachta nó cúrsaí reatha inchreidthe, iontaofa agus neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de.

Cruinneas agus Freagrúlacht: Tá lucht féachana agus éisteachta i dteideal a chreidiúint go bhfuil an lánas nuachta agus cúrsaí reatha ar a bhfaigheann siad rochtain ó na meáin chraolacháin cruinn, agus creideann siad é sin. Cuireann faisnéis chruinn ar chumas saoránach rannpháirtíocht níos iomláine a bheith acu i sochaí daonlathach. Dá bhrí sin is bunphrionsabal é an cruinneas a bhaineann le craoladh lánas nuachta agus cúrsaí reatha agus ba chóir i gcónaí go mbeadh tús áite aige thar an luas lenar féidir lánas a heachadadh. Admhaítear freisin gur féidir faisnéis mhíchruinn a thabhairt amach, bíodh sé sin go follasach nó go hintuigthe. Tá prionsabal na freagrúlachta ceaptha lena chinntiú go ndéanann craoltóirí bearta ceartaitheacha atá cothrom, tráthúil agus cuí i dtaobh craoladh faisnéise míchruinn a láimhseáil.

Follasacht agus Freagracht: Baineann prionsabal na follasachta agus na freagrachta lena chinntiú i gcás na gcleachtas agus na nósanna imeachta a ghlacann craoltóirí i dtaobh cúrsaí nuachta agus cúrsaí reatha a fhoinsiú, a thiomsú, a léiriú agus a chur i láthair go mbeidh siad feiceálach, oscailte lena n-iniúchadh, láidir agus go mbeidh rochtain orthu. Baineann sin go háirithe i gcás go mbeidh iarmhairt ar phríobháideachas dhuine aonair ag chinneadh craoladh a dhéanamh.

3. Comhlíonadh agus Measúnú

- Nuair a bheidh craoltóirí ag plé le lánas nuachta agus cúrsaí reatha comhlíonfaidh siad na prionsabail agus na rialacha atá sonraithe sá Chód seo. Ba coir go mbeadh craoltóirí aireach ar na forálacha ar fad atá sa Chód seo toisc go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh ar ábhar cláir níos mó ná foráil infheidhme amháin a chomhlíonadh.

- Deánfar lánas nuachta agus cúrsaí reatha a mheasúnú ina iomlán agus ina chomhthéacs agus tagairt á dhéanamh do:-

    - Forálacha an Acht Craolacháin 2009 (mar atá leasaithe)

    - Prionsabail an Chóid

    - Rialacha an Chóid

    - Tosca comhthéacsúla, lena n-áirítear an cineál cláir atá i gceist agus ionchas an lucht féachana/éisteachta ach gan a bheith teoranta dóibh sin

    - Nósanna imeachta, cleachtais agus beartais an BAI

- Comhlíonfaidh craoltóirí an Cód ó thaobh ábhair agus brí de.

4. Rialacha

Beidh feidhm ag na rialacha seom a leanas maidir leis an gcaoi a pléifear le gach lánas nuachta agus/nó cúrsaí reatha.

Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht – Dualgais Reachtúla Chraoltóirí

1. Maidir leis an gcóiriú a dhéanfaidh siad ar lánas nuachta agus cúrsaí reatha, comhlíonfaidh craoltóirí Alt 39 (1) (a) & (b), Alt 39 (2) agus Alt 39 (5) & (6) demnj Acht Craolacháin 2009.

39.—

(1) *Cinnteoidh gach craoltóir an méid seo a leanas —*

(a) go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh an craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl.

(b) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí dá chuid féin nó dá cuid féin a nochtadh, ach amháin i gcás nach mbíonn sé praiticiúil i dtaca le craoladh aonair am t-alt seo a chur i bhfeidhm a chur i bhfeidhm maidir le craoladh aonair amháin, is féidir dhá chraoladh nó níos mó a mheas mar iomlán, an fhad is go dtarchuirtear na craoltaí sin laistigh de thréimhse reasúnta ama óna chéile.

(2) Níl tada i bhfo-alt (1) (a) nó (b) a chuireann cosc ar chraoltóir craoltaí páirtí politíochta a tharchur an fhad is nach dtugann an craoltóir, nuair atá an t-am le haghaidh craoltaí den chineál sin á leithdháileadh aige, tosaíocht mhíchuí d'aon pháirtí polaitíochta.

(5) *Cinnteoidh craoltóir, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le haon togra, ar togra é a bhaineann le beartas i leith craoladh, is ábhar conspóide poiblí nó díospóireachta reatha poiblí, atá faoi bhreithniú ag an Rialtas nó ag an Aire, go ndéanfar é a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.*

(6) Níl feidhm ag míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1), a mhéid a cheanglaíonn siad ar an gcraoltóir gan a thuairimí féin nó a tuairimí féin a chur in iúl, maidir le haon chraoladh faoi fho-alt (5).

2. Nuair a bheidh siad ag plé le lánas nuachta agus cúrsaí reatha comhlíonfaidh craoltóirí na prionsabail seo a leanas mar atá curtha in iúl sa Chód seo:

- Cothroime
- Oibiachtúlacht & Neamhchlaontacht
- Cruinneas & Freagrúlacht
- Follasacht agus Freagracht

Rialacha maidir le Cothroime

3. Pléifidh craoltóir go cothrom le rannpháirtithe i lánas cúrsaí reatha nó leis na daoine nó na heagraíochtaí a ndéantar tagairt dóibh san lánas sin.

4. Go hiondúil cuirfear agallaithe do chláir nó do mhíreanna nuachta agus cúrsaí reatha ar an eolas maidir leis an ábhar agus maidir le nádúr agus formáid a rannpháirtíochta, ionas go ndéanfaidh a gcomhaontú páirt a ghlacadh toiliú eolasach.

5. Go hiondúil ní chraolfaidh aon chraoltóir aon agallamh nuachta nó cúrsaí reatha le haon duine gan toiliú an duine sin. I gcás go ndéanfar lánas nuachta nó cúrsaí reatha a chraoladh gan toiliú ní mór don chraoladh sin a bheith inchosanta ó thaobh eagarthóireachta de. Ní mór do chraoltóir breithniú mar is cuí a thabhairt d'iarratais ar thoiliú a tharraingt siar, agus aird aige ar na prionsabail i dtaca le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht.

6. Ní mór cúram a ghlacadh i gcónaí nuair a chuirtear agallaimh le leanaí nó le daoine leochaileacha isteach i gcláir nuachta nó cúrsaí reatha. I ngach cás, ní mór gurb é an prionsabal sáraitheach atá i gceist aon chraoladh ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith éagothrom nó díobhálach dá leas a sheachaint.

Go hiondúil, beidh toiliú ó thuismitheoir, caomhnóir nó ó ionadaí dlí faighte roimh ré sula gcraoltar aon agallamh le páiste atá faoi bhun 16 bliana d'aois, nó duine leochaileach, i gcás go bhfuil an t-ábhar íogair nó tromchúiseach nó i gcás go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé éagothrom gan an t-ábhar a chraoladh. Ní mór do chinneadh agallamh a chraoladh gan toiliú a bheith inchosanta ó thaobh leas an phobail de.

7. Sa chás go ndiúltaíonn duine nó eagraíocht rannpháirtíocht a bheith acu i lánas nuachta nó cúrsaí reatha nó go roghnaíonn siad gan aon ráiteas a dhéanamh, cuirfidh an craoltóir é sin in iúl go soiléir agus tabharfaidh sé tuairisc ar bhealach réasúnach maidir le míniú an duine/na heagraíochta sin i dtaobh rannpháirtíocht a dhiúltú, i gcás go bhféadfaí a mheas go mbeadh sé éagothrom gan é sin a dhéanamh.

8. Nuair a dhiúltaíonn duine nó eagraíocht rannpháirtíocht a bheith acu i mír nuachta nó cúrsaí reatha ní bheidh craoladh na míre sin neamhbhailí dá bharr. Tá freagracht ar an gcraoltóir, áfach, an fhad agus atá sé praiticiúil, tuairimí an pháirtí nach bhfuil i láthair a léiriú agus é sin a dhéanamh go cothrom.

9. Ní chuirfidh an próiséas eagarthóireachta comhthéacs nó brí an bhunagallaimh as riocht.

10. Cinnteoidh craoltóir nuair a bhaintear athúsáid as ábhar nuachta nó cúrsaí reatha, ábhar cartlainne san áireamh, nach gcruthaítear míchothroime nó nach mbíonn míchruinneas mar thoradh.

11. I gcás go ndéantar athchruthú ar ócáid nó go ndéantar athaisteoireacht ar ócáid ní mór é sin a chur in iúl go soiléir agus ba chóir go mbeadh sé barántúil maidir lena léiriú ar an ócáid/na hócáidí atá i gceist.

12. Ní bhainfear úsáid as taifeadadh nó scannánaíocht rúnda nó folaigh i gcláir cúrsaí reatha ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Ní mór barántas a bheith leis agus beidh nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag craoltóir chun taifid den chineál sin a údarú ag leibhéal sinsearach eagarthóireachta. Ní mór d'aon údarú den chineál sin a bheith i scríbhinn.

Is gnéithe riachtanacha iad na cúrsaí seo a leanas lena dheimhniú an bhfuil barántas le taifeadadh nó le scannánaíocht rúnda nó folaigh:

- Go bhfuil sé soiléir go bhfuil an mhír a bhfuil tuairisciú á déanamh uirthi ar leas an phobail agus go bhfuil fianaise ag an gcraoltóir go bhfuil ábhar ann ar chóir tuairisciú a dhéanamh air.

- Nach dócha go mbeidh an duine atá i gceist sásta comhoibriú a dhéanamh.

- Go bhfuil cúis lena chreidiúint go gcuirfear an tuairisciú ar an ábhar as riocht toisc nach féidir an lánas a fháil go réasúnta ar aon bhealach eile.

13. Tá sé riachtanach go dtairgeofar an deis d'aon duine a rinneadh scannánaíocht nó taifeadadh rúnda orthu rannpháirtíocht a bheith acu sa lánas nuachta nó cúrsaí reatha ina mbeidh an t-ábhar a rinneadh scannánaíocht nó taifeadadh air mar chuid de más amhlaidh, i dtuairim an chraoltóra, go mbeadh sé éagórach gan an deis sin a thabhairt don duine sin.

14. Trína nádúr, d'fhéadfadh teagmháil díreach gan choinne réamhshocraithe ("éirí-slí") le hagallaí cothroime a shárú. I gcúinsí cuí, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith inchosanta an gnáth-chleachtas maidir le socruithe le haghaidh agallaimh a dhéanamh go díreach leis an agallaí nó le hionadaí, agus fógra cuí a thabhairt, a chur i leataobh. D'fhéadfadh "éirí slí", a bheith oiriúnach sna cúinsí seo a leanas:

- Nuair atá sé soiléir le taispeáint go bhfuil sé ar leas an phobail tuairisciu a dhéanamh ar an mír atá i gceist;
- Nach dócha go mbeadh an t-agallaí atá i gceist sásta comhoibriú a dhéanamh dá ndéanfaí teagmháil leis/léi ar an ngnáthshlí, agus;
- Go bhfuil sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an duine/na daoine ar mhaithe le húdaracht agus inchreidteacht an lánais atá i gceist.

15. Beidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag craoltóirí le rannpháirtíocht trí na meáin shóisialta a láimhseáil.

16. Ba chóir go mbeadh aon ghealltanas a thugtar do rannpháirtí maidir le rúndacht nó le hanaithnideacht soiléir agus ba chóir go gcomhlíonfaí an gealltanas sin. Ba chóir go n-úsáidfí go cúramach aon teicnící closamhairc a mbainfear úsáid astu sa scannánaíócht agus san eagarthóireacht ionas go gcinnteofar go mbainfear amach rúndacht iomlán agus go gcomhlíonfar ina n-iomlán aon ghealltanais a tugadh.

Rialacha maidir le hOibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

17. Cuirfear lánas nuachta agus cúrsaí reatha i láthair le cruinneas cuí, agus aird ar na cúinsí agus na fíricí a bhfuil ar eolas ag an am ag a bhfuil an lánas á ullmhú agus á chraoladh.

18. Is féidir dhá chraoladh, nó níos mó ná dhá chraoladh, a mheas mar chraoladh iomlán má tharchuirtear laistigh de thréimhse réasúnta ama óna chéile iad agus go ndéantar aon naisc den chineál sin soiléir don lucht féachana/éisteachta.

19. Ní dhéanfar mífhaisnéis ar thuairimí agus ar fhíricí nó ní chuirfear i láthair iad ina leithéid sin de shlí agus a dhéanfaidh míthreorach iad. Beidh láithreoirí feasach maidir lena dtuin labhartha agus úsáid focail agus iad ag tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha ionas go seachnófar míthuiscint i dtaobh na gcúrsaí a ndéanfar tuairisciú orthu.

20. Déanfar botún suntasach a admháil agus a cheartú chomh tráthúil agus is féidir, ar bhealach atá cuí agus comhréireach. Beidh aird ag craoladh ar cheartú nó ar shoiléiriú ar an am agus ar na cúinsí a bhí ann nuair a rinneadh an craoladh bunaidh.

21. Níl sé ceadmhach do láithreoir ná do thuairisceoir nuachta a t(h)uairim féin a nochtadh le linn clár nuachta i dtaobh cúrsaí atá ina n-ábhar conspóide poiblí nó atá mar ábhar díospóireachta reatha poiblí.

22. Cuid tábhachtach de ról an láithreora ar chlár chúrsaí reatha is ea a chinntiú go bhfuil teacht ag an lucht féachana/éisteachta ar réimse leathan tuairimí ar ábhar an chláir nó na míre; nochtadh tuairimí na rannpháirtithe a éascú – uaireanta le diancheistiú; agus a dtuairimí siúd nach féidir leo, nó a roghnaíonn gan, a bheith páirteach i gclár a léiriú. Dá réir sin, ní nochtfaidh láithreoir agus/nó tuairisceoir a chuid/a cuid tuairimí nó barúlacha maidir le cúrsaí atá ina n-ábhar conspóide poiblí nó atá ina n-ábhar díospóireachta reatha poiblí, ar bhealach a thabharfadh tacaíocht do sheasamh páirtíneach.

23. I gcás go gcuirtear i láthair aon ní ar a dtugtar “tuairim phearsanta” nó míreanna atá “leis an údar” níl sé sin míchuí, faoi réir ghnáthrialú eagarthóireachta. Ní thugann sé sin díolúnú don mhír nó don chlár – nó do shraith míreanna/clár a bhaineann leis – ó na ceanglais reachtúla a bheith neamhchlaonta, oibiachtúil agus cothrom maidir leis na páirtithe leasmhara ar fad atá i gceist. Sa chaoi céanna, is féidir mír nó clár “leis an údar” a cheadú más cuid é de shraith clár a bhaineann lena chéile a chomhlíonfaidh na ceanglais reachtúla nuair a chuirtear lena chéile iad.

24. Ní mór i gcás cláir nó míre ina bhfuil “tuairim phearsanta” nó atá “leis an údar” é sin a chur in iúl go soiléir don lucht féachana/éisteachta ón tús ar fad, nó i gcás sraith míreanna nó clár, ag tús gach cláir.

25. Beidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach craoltóir chun aghaidh a thabhairt ar aon choimhlintí leasa a d’fhéadfadh teacht chun cinn i measc pearsanra; bíodh sé sin ar an aer nó den aer; nuair a bheidh siad ag déileáil le lánas nuachta nó cúrsaí reatha.

26. Ní mór aon leas pearsanta, proifisiúnta, gnó nó airgeadais de chuid éinne a bhfuil baint eagarthóireachta acu le lánas nuachta nó cúrsaí reatha a ardaíonn ceist (nó a d'fhéadfaí a bhraistint go réasúnta leis go n-ardaíonn sé ceist) maidir le cothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht na míre a bhfuil tuairisciú á déanamh uirthi a chur in iúl don lucht féachana/éisteachta. Chuige sin, sásóidh craoltóirí iad féin go bhfuil sé ar a gcumas a bheith ar an eolas maidir le leasanna ábhartha na ndaoine atá i gceist, agus a dheimhniú an bhfuil an oiread sin de leas i gceist agus go mbeadh sé riachtanach aon duine a tharraingt siar ó aon rannpháirtiocht eile sa mhír nó sa chlár.

Tuairisciú Toghcháin agus Reifrinn

27. Ní mór don tuairisciú ar thoghchán nó ar reifreann na treoir agus na cóid chleachtais a eiseoidh an BAI ó am go ham a chomhlíonadh.

Ceanglais agus Treoir Dlí

28. Comhlíonfaidh craoltóirí agus lucht déanta clár gach ceanglas reachtach nuair a bheidh lánas nuachta agus cúrsaí reatha á fhoinsiú, á thiomsú, á léiriú agus á chur i láthair acu.

29. Tabharfaidh craoltóirí aird mar is cuí do threoir a eisítear i dtaca leis an gCód seo.